Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

## Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

### Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025

**Dáta Léargais:** 30 Meitheamh 2025

**Tréimhse Tuairiscithe:** Tréimhse 12 mhí dar críoch an 30 Meitheamh 2025

### Achoimre Phoiblí

Mínítear sa Tuarascáil seo ar an mBearna Phá idir na hInscní conas atá daoine den inscne bhaineann agus daoine den inscne fhireann ionadaithe ar fud an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugtar breac-chuntas inti ar na tosca struchtúracha a imríonn tionchar ar thorthaí pá idir na hinscní laistigh den eagraíocht.

Oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de réir scálaí pá seirbhíse poiblí atá comhaontaithe go náisiúnta, a bhfuil feidhm chomhionann acu maidir leis na baill foirne go léir atá laistigh den aon ghrád amháin. Dá bhrí sin, tá aon bhearna phá idir na hinscní laistigh den Údarás ina léiriú ar dháileadh na foirne ar fud grád agus ról, in ionad í a bheith ina léiriú ar phá neamhionann.

### Brollach

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do chothromas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn. Mar fhostóir earnála poiblí, aithníonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht maidir le pá agus le hionadaíocht inscne, agus foilsíonn sé an Tuarascáil seo ar an mBearna Phá idir na hInscní de réir an *Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021*.

### 1. Réamhrá agus Earcaíocht

Leis an mbearna phá idir na hinscní, tomhaistear an difríocht idir tuilleamh meánach na ndaoine den inscne bhaineann agus tuilleamh meánach na ndaoine den inscne fhireann san uair an chloig ar fud eagraíocht ar leith. Níor cheart í a mheascadh le pá comhionann, a bhaineann le difríochtaí pá as an obair chéanna.

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1 D01 W5C2
Éire

Corporate Enforcement Authority
16 Parnell Square East
Dublin 1 D01 W5C2
Ireland

+353 (0)1 858 5800
info@cea.gov.ie
www.cea.gov.ie

Ballraíocht an Údaráis
Authority Membership

Ian Drennan

Déantar earcaíocht laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de réir prionsabail agus nósanna imeachta earcaíochta Státseirbhíse atá comhaontaithe go náisiúnta. Fógraítear feachtais go hoscailte, bíonn siad bunaithe ar fhiúntas, agus bíonn siad deartha chun rochtain chomhionann ar dheiseanna a thabhairt do gach iarrthóir. Déantar cinntí roghnúcháin trí phróisis mheasúnachta atá cóir agus trédhearcach agus a ndéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus/nó an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí formhaoirseacht orthu. Trí na socruithe sin, féachann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le buíon éagsúil iarratasóirí a mhealladh agus le tacú le hionadaíocht chothromaithe ar fud na ngrád le himeacht ama.

## 2. Próifíl Fórsa Saothair

Bhí 62 fhostaí[1] á bhfostú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an dáta léargais, mar a bhí an 30 Meitheamh 2025. Fostaithe den inscne bhaineann ba ea 34 dhuine (55%) díobh agus fostaithe den inscne fhireann ba ea 28 nduine (45%) díobh, rud a léiríonn fórsa saothair atá cothromaithe go ginearálta ar an iomlán.

## 3. Ionadaíocht Inscne de réir Gráid

| Grád | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Comhalta(í) den Údarás | 0 | 1 | 1 |
| Stiúrthóirí | 4 | 3 | 7 |
| Cuntasóirí Fóiréinseacha Sinsearacha | 0 | 7 | 7 |
| Comhairleoirí Dlí Sinsearacha | 1 | 1 | 2 |
| Bainisteoirí Sinsearacha | 5 | 1 | 6 |
| Ardoifigigh Feidhmiúcháin | 3 | 4 | 7 |
| Ardfheidhmeannaigh Dhlí | 2 | 0 | 2 |
| Oifigigh Feidhmiúcháin | 8 | 7 | 15 |
| Oifigigh Chléireachais | 11 | 4 | 15 |
| Iomlán | 34 | 28 | 62 |

## 4. Méadrachtaí Reachtúla maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

Ceanglaítear leis an *Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021*, ar fhostóirí méadrachtaí sonracha a fhoilsiú lena dtaispeántar difríochtaí pá idir fostaithe den inscne bhaineann agus fostaithe den inscne fhireann. Tá na méadrachtaí sin bunaithe ar oll-luach saothair san uair an chloig agus ríomhtar iad trí úsáid a bhaint as sonraí fostaithe ar an dáta léargais agus thar an tréimhse tuairiscithe.

[1] Ní fostaithe de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, dá bhrí sin, níl siad ar áireamh sa tuarascáil seo.

## 4.1 Forbhreathnú ar na Méadrachtaí

| **Méadracht** | **Toradh** |
|---|---|
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (na fostaithe uile) | 17% |
| An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (na fostaithe uile) | 20% |
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (fostaithe páirtaimseartha) | *Neamhbhainteach |
| An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (fostaithe páirtaimseartha) | *Neamhbhainteach |
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (fostaithe sealadacha) | *Neamhbhainteach |
| An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (fostaithe sealadacha) | *Neamhbhainteach |
| An bhearna mheánach phá bónais idir na hinscní | Neamhbhainteach |
| An bhearna airmheánach phá bónais idir na hinscní | Neamhbhainteach |
| An céatadán d'fhostaithe a fhaigheann bónas | Neamhbhainteach |
| An céatadán d'fhostaithe a fhaigheann sochair chomhchineáil | Neamhbhainteach |

** I gcás go bhfuil an líon fostaithe i gcatagóir ar leith róbheag nó nach bhfuil ach inscne amháin i gceist léi, níl fiúntas staidrimh ag baint le ríomh na bearna pá idir na hinscní agus, dá bhrí sin, tuairiscítear í a bheith neamhbhainteach.*

### 4.2 Ár Méadrachtaí maidir leis an mBearna Phá a Thuiscint

Inár méadrachtaí reachtúla, léirítear bearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní atá cothrom le 17% agus bearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní atá cothrom le 20%. Tá an dá fhigiúr bunaithe go príomha ar dhéimeagrafaic reatha ár bhfórsa saothair, in ionad iad a bheith bunaithe ar neamhréireachtaí pá.

Go sonrach, tá ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cion níos airde d'fhostaithe den inscne fhireann i róil shinsearacha cheannaireachta agus i róil ghairmiúla nó dhlíthiúla speisialaithe (amhail Cuntasóirí Fóiréinseacha Sinsearacha), a bhfuil scálaí tuarastail níos airde ag baint leo. Os a choinne sin, tá cion níos mó d'fhostaithe den inscne bhaineann suite faoi láthair laistigh de ghráid íosláir agus de ghráid riaracháin. Ós rud é gurb ionann an t-airmheán agus lárphointe beacht ár bhfórsa saothair, léirítear san fhigiúr 20% an dáileadh struchtúrach sin ar fud ár gcórais grádúcháin.
*(Tabhair faoi deara: Ní dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aon íocaíochtaí bónais ná aon sochair chomhchineáil a oibriú. Dá réir sin, is neamhbhainteach lenár n-eagraíocht atá méadrachtaí a bhaineann le bónais a cheanglaítear leis an reachtaíocht, agus fágtar iad as an insint seo ar mhaithe le soiléire.)*

### 4.3 Dáileadh na gCeathairíleanna Pá

Ar aon dul leis an reachtaíocht, rangaítear fostaithe de réir luach saothair san uair an chloig agus roinntear iad ina gceithre cheathairíl chomhionanna phá. Léirítear sa tábla thíos an cion d'fhostaithe den inscne bhaineann agus an cion d'fhostaithe den inscne fhireann atá laistigh de gach ceathairíl.

| Ceathairíl Phá | Baineann (%) | Fireann (%) |
|---|---|---|
| An cheathairíl íochtair | 63% | 37% |
| An cheathairíl íosláir | 60% | 40% |
| An cheathairíl uasláir | 60% | 40% |
| An cheathairíl uachtair | 37% | 63% |

### 4.4 An Dáileadh a Anailísiú

Léirítear go soiléir sa mhiondealú ceathairíle seo na tosca struchtúracha atá taobh thiar den bhearna fhoriomlán phá idir na hinscní san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is mná formhór na bhfostaithe ar fud na mbandaí pá íochtair, íosláir agus uasláir (thart ar 61% de na fostaithe ar an meán ar fud na dtrí chiseal sin).

Mar sin féin, iompaíonn an treocht sin sa treo eile go mór sa cheathairíl uachtair, mar atá an 25% is airde tuilleamh den eagraíocht, áit arb iad fir 63% den fhórsa saothair.

Leis an gcomhchruinniú sin d'fhostaithe den inscne fhireann sa chiseal uachtair, agus le comhchruinniú níos airde d'fhostaithe den inscne bhaineann sna leibhéil íochtair agus láir, cuirtear na figiúirí foriomlána le haghaidh pá meánach san uair an chloig agus le haghaidh pá airmheánach san uair an chloig as a riocht go díreach. Leis na sonraí sin, treisítear go bhfuil ár mbearna phá idir na hinscní ina léiriú ar dháileadh an fhórsa saothair ar fud na ngrád éagsúil, in ionad í a bheith ina saincheist pá chomhionainn.

## 5. Léiriú agus Nótaí Sonraí

### 5.1 Léiriú na dTorthaí

Téann dáileadh na bhfostaithe den inscne bhaineann agus na bhfostaithe den inscne fhireann ar fud na ngrád, na leibhéal sinsearachta, agus na sainról laistigh den eagraíocht i bhfeidhm ar an mbearna phá idir na hinscní. Ina theannta sin, mar gheall ar líon beag foriomlán ár bhfórsa saothair, is féidir le mionghluaiseachtaí pearsanra a bheith ina gcúis le hinathraitheacht shuntasach bliain ar bhliain sna torthaí tuairiscithe.

### 5.2 Sonraí agus Rúndacht

Rinneadh na sonraí go léir a úsáideadh chun an tuarascáil seo a ullmhú a chomhiomlánú agus a anaithnidiú. Ní luaitear fostaithe aonair sa tuarascáil agus ullmhaíodh í i gcomhréir dhlúth leis na ceanglais cosanta sonraí.

## 6. Gníomhartha chun Aghaidh a Thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do chothromas, cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i ngach gné den fhostaíocht. Aithnímid go dtagann torthaí na bearna pá idir na hinscní chun cinn mar gheall ar dháileadh na foirne ar fud na ngrád, na ról agus na leibhéal sinsearachta.

Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime dhéimeagrafach sin le himeacht ama, leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faireachán a dhéanamh ar ionadaíocht inscne ar fud na ngrád agus na leibhéal sinsearachta.
- Tacú le próisis earcaíochta agus arduithe céime atá cothrom, oscailte agus trédhearcach.
- Rochtain chomhionann ar dheiseanna foghlama, forbartha agus dul chun cinn gairme a spreagadh.
- Socruithe oibre solúbtha agus cumaisc a éascú ar aon dul le beartas na Státseirbhíse agus le riachtanais ghnó.

Tacaíonn na gníomhartha sin leis an gcuspóir de chuid an Údaráis arb éard é áit oibre chothromaithe ionchuimsitheach a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar thosca struchtúracha a mbíonn tionchar acu ar an mbearna phá idir na hinscní. Coinneoidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur chuige faoi athbhreithniú, agus leanfaidh sé d'fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní a fhoilsiú gach bliain.

## 7. Conclúid

Tugtar trédhearcacht sa tuarascáil seo maidir le hionadaíocht inscne agus maidir leis na tosca struchtúracha a mbíonn tionchar acu ar thorthaí pá idir na hinscní laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach d'fhaireachán a dhéanamh ar phróifíl a fhórsa saothair, agus foilseoidh sé faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní gach bliain ar aon dul le ceanglais reachtacha.

## Ráiteas Sínithe

Deimhním gur ullmhaíodh an Tuarascáil seo ar an mBearna Phá idir na hInscní de réir an *Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021*, agus go bhfuil sí bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil ar an dáta léargais an 30 Meitheamh 2025.

Ian Drennan
Cathaoirleach
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Dáta: 17/6/26